**Seicliosta Cáipéisí Chomhairle Contae Chorcaí do Thithíocht Inacmhainne**

**Cáipéis:**

| | |
|---|---|
| **Aitheantas Fótagrafach:** | Pas nó Cárta Pas bailí. |
| **Cruthúnas ar Cheart Cónaí in Éirinn** | I gcás iarratasóirí neamh-AE, cóip bhailí de Chead Cónaitheach na hÉireann, ag léiriú stampa/cineál an cheada (m.sh. Stampa 4, 1G srl) |
| **Ioncam d'Fhostaithe ÍMAT** | Teastas Tuarastail arna líonadh ag d'fhostóir, dátaithe laistigh de na 3 mhí dheireanacha agus Achoimre ar Shonraí Fostaíochta (P60 mar a tugadh air roimhe seo) atá ar fáil ó www.revenue.ie/MyAccount. |
| **Ioncam Féinfhostaithe** | Cáipéisí don 2 bhliain roimhe lena n-áirítear cuntais Teistithe/Iniúchta, Ráiteas Reatha Comhardaithe Cánach agus Admháil Reatha Réamhíocaíochta Cánach ó na Coimisinéirí Ioncaim. |
| **Ioncam ó Leas Sóisialach** | Ráiteas ar an sochar iomlán a fuarthas ón Leas Sóisialach don 12 mhí roimhe. Is féidir é seo a iarraidh trí ríomhphost a chur chuig d'oifig áitiúil Leasa Shóisialaigh/Intreo. |
| **Cruthúnas Airgeadais** | Litir Fhaomhadh i bPrionsabal na hIasachta (AIP) ó iasachtóir nó seat scáileáin d'áireamhán iasachta. CAITHFIDH iarratasóirí a úsáideann áireamhán iasachta Faomhadh i bPrionsabal Iasachta a bheith acu ag am an mheasúnaithe. Murar chuir tú isteach ar mhorgáiste cheana, ba cheart é sin a dhéanamh anois. Is gá don litir Fhaomhadh i bPrionsabal na hIasachta a bheith bailí agus i ndáta. Is gá don AIP teacht ó cholúnbhanc. Is iad na colúnbhainc: Banc na hÉireann, AIB, PTSB, Haven, EBS nó Iasacht Tí Údaráis Áitiúil.<br><br>Ba cheart gurbh ionann Suim Fhaofa do Mhorgáiste agus ceithre oiread ioncam comhlán an teaghlaigh. Faoin Reachtaíocht um Thithíocht Inacmhainne, caithfidh iarratasóirí a bhfuil faomhadh morgáiste acu atá níos lú ná ceithre oiread a n-ioncaim a thaispeáint go bhfuil lán a n-acmhainne morgáiste bainte amach acu (i. go bhfuil an iasacht ar an uasmhéad a bhfuil siad incháilithe dó). |
| **Ceannaitheoir Céaduaire** | Iarratas comhlíonta Chúnamh chun Ceannaigh, le faomhadh deimhnithe. Murar chuir tú isteach ar an Scéim um Chúnamh chun Ceannaigh, ba chóir é sin a dhéanamh anois ar Revenue.ie. Caithfear a chur san áireamh ar d'iarratas Chúnamh chun Ceannaigh ainm(neacha) an iarratasóra/na n-iarratasóirí agus UPSP, uasmhéid incháilithe faoin scéim agus dáta éaga. (Meastar gur ceannaitheoirí céaduaire na hiarratasóirí má tá an BHEIRT acu ag ceannach tí den chéad uair.) |
| **Cruthúnas Coigiltis** | Ráitis ó gach cuntas bainc do na 6 mhí roimhe, lena n-áirítear cuntais reatha, cuntais choigiltis, cuntais Revolut, cuntais Chomhair Chreidmheasa, cuntais an Phoist, srl., don iarratasóir/do na hiarratasóirí in ord dáta. |
| **Prionsabal Tosú as an Nua** | Má cheapann tú go bhfuil tú incháilithe faoin bPrionsabal Tosú as an Nua (m.sh. cáipéisí idirscartha dhlíthiúil/colscartha/féimheachta nó dócmhainneachta pearsanta, srl.), déan teagmháil le affordablehousing@corkcoco.ie le tuilleadh eolais a fháil. |
| **Cruthúnas ar Sheoladh** | Aon cheann de na cáipéisí seo a leanas: Ráiteas reatha bainc/comhair chreidmheasa nó bille reatha fóntais (leictreachas, gás, idirlíon, guthán |

| | |
|---|---|
| | soghluaiste nó teileafón), ar a bhfuil d'ainm agus do sheoladh agus a bhaineann leis an tréimhse trí mhí seo caite. |
| **Cineál Iarratais** | Má tá tú pósta nó ag comhchónaí, beidh ort comhiarratas a dhéanamh ar an tairseach agus caithfidh an litir Ceadú i bPrionsabal iasachta (AIP) a bheith sa dá ainm. |

Sampla den chineál Cáipéise - comhaid íomhá amháin, m.sh. JPEG, PDF, PNG